RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/247 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Nollaig 2021

lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraí maidir le feithiclí nua tromshaothair a bhfuil faireachán agus tuairisciú le déanamh ag na Ballstáit agus ag monaróirí orthu agus a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta tuairiscithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí CO_2 ó fheithiclí nua tromshaothair agus ar ídiú breosla na bhfeithiclí sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1)(a) agus (d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/956 na sonraí a bhfuil faireachán agus tuairisciú le déanamh ag na Ballstáit orthu maidir le feithiclí tromshaothair nua a chláraítear den chéad uair san Aontas.

(2) Chun foráil a dhéanamh maidir le hanailís chríochnúil i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/956, ba cheart do na Ballstáit faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí lenar féidir cumraíocht acastóirí feithicle na bhfeithiclí tuairiscithe a chinneadh ar bhonn líon na n-acastóirí tiomána. Cláraítear sonraí den sórt sin in iontráil 3 de dheimhniú comhréireachta feithicle nuachláraithe tromshaothair.

(3) Leis an bhfaisnéis sin, d'fhágfaí go mbeadh an Coimisiún in ann feithiclí a thagann faoi raon feidhme na sonraí arna dtuairisciú ag na monaróirí de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/956 a shainaithint bunaithe ar fhaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit gan malartuithe breise leis na monaróirí a bheith riachtanach.

(4) Bunaithe ar an taithí a fuarthas tríd an tuarascáil a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 10 le haghaidh thréimhse thuairiscithe na bliana 2019 agus chun anailís chríochnúil a dhéanamh ar na sonraí a thuairisceofar sna blianta atá le teacht, is gá do na monaróirí sonraí sonracha a thuairisciú maidir le hiompraíocht comhpháirteanna aonair feithicle le linn thréimhse na huirlise ionsamhlúcháin, mar atá taifeadta sa chomhad "sum exec data file".

(5) Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/956 an nós imeachta faireacháin agus tuairiscithe.

(6) Bunaithe ar an taithí a fuarthas trí Rialachán (AE) 2018/956 a chur i bhfeidhm, ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil struchtúr agus saintréith na mbunachar sonraí a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus níor cheart go mbeadh sí faoi cheangal ag cinntí teicniúla sonracha. Ba cheart ainmneacha tuairisciúla na mbunachar sonraí a bhaint d'Iarscríbhinn II dá bhrí sin.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/956 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/956

Leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/956 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 173, 9.7.2018, lch. 1.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/956 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i gCuid A, cuirtear isteach an pointe (p) seo a leanas:

"(p) maidir le feithiclí arna gclárú ón 1 Iúil 2021, líon na n-acastóirí tiomána, mar a shonraítear in iontráil 3 den deimhniú comhréireachta.";

(b) i gCuid B, pointe 2, leasaítear an tábla mar a leanas:

(i) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

"102	Maidir le feithiclí a bhfuil dáta ionsamhlúcháin acu ón 1 Iúil 2021, an comhad luachanna camógdheighilte a bhfuil an t-ainm céanna air agus atá ar an gcomhad poist agus ar a bhfuil iarmhír .vsum arb é atá ann na torthaí comhiomlánaithe in aghaidh na próifíle misin ionsamhailte agus choinníoll an phálasta ([10])	Comhad arna ghiniúint ag an uirlis ionsamhlúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/2400 ina leagan ina bhfuil comhéadan grafach úsáideora (GUI)	'sum exec data file'";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad nóta 10:

"(10) Ní chuirfear an iontráil seo ar fáil go poiblí sa Chlár Lárnach maidir le feithiclí tromshaothair."

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) i bpointe 1.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"1.1. Is pointe teagmhála an údaráis inniúil a dhéanfaidh na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn I, Cuid A, a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 4 trí mheán aistriú sonraí leictreonacha chuig an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ('An Ghníomhaireacht').";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1(c):

"(c) an pointe teagmhála atá freagrach as na sonraí a tharchur chuig an nGníomhaireacht.";

(c) i bpointe 2.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"2.3. Déanfaidh pointe teagmhála an mhonaróra na sonraí a shonraítear i gCuid B, pointe 2, d'Iarscríbhinn I a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 5(1) trí mheán aistriú sonraí leictreonacha chuig an nGníomhaireacht.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.3:

"3.3. I gcás ina n-aithníonn údarás inniúil nó monaróir earráidí sna sonraí a cuireadh isteach, tabharfaidh siad fógra faoin méid sin don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht gan mhoill trí fhógra tuairisce earráide a chur chuig an nGníomhaireacht, agus trí ríomhphost a sheoladh chuig na seoltaí dá dtagraítear i bpointe 1.1.".